2024/216

12.1.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/216 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Eanáir 2024

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 maidir le galair liostaithe ainmhithe uisceacha agus liosta na speiceas agus na ngrúpaí speiceas lena mbaineann riosca suntasach maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2), Airteagal 8(3) agus Airteagal 8(4), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha maidir le cosc agus rialú galar atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine, lena n-áirítear rialacha maidir le beartú tosaíochta agus catagóiriú galar liostaithe arb ábhar imní ar leibhéal an Aontais iad. Tá feidhm ag na rialacha sin maidir le cosc agus rialú galar liostaithe maidir le speicis agus grúpaí speiceas, ar féidir leo na galair liostaithe a tharchur, toisc go bhfuil siad soghabhálach ina leith nó gur veicteoirí iad. Liostaítear na speicis agus na grúpaí speiceas sin sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([2]), i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/429.

(2) Chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) comhairle eolaíoch ar fáil sna Tuairimí Eolaíocha uaidh an 1 Lúnasa 2023, maidir le speicis éisc ([3]), moileasc ([4]), agus crústach ([5]), speicis a d'fhéadfadh gníomhú mar veicteoirí galar a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/429.

(3) Dá bhrí sin, tá sé tráthúil agus tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar liosta veicteoirí na ngalar uisceach a liostaítear sa tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, agus an chomhairle eolaíoch arna soláthar ag EFSA á cur san áireamh, mar aon leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/429 ina sonraítear go sonrach go gcuimseofar sa liosta na speicis ainmhíocha sin nó grúpaí speiceas ainmhíoch a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le leathadh galar liostaithe sonrach. De réir an tsainmhínithe oibre a leagtar amach i dTuairimí Eolaíocha EFSA, is iad na speicis veicteora na speicis sin ar léiríodh ina leith go ndéanann siad oibreán cúiseach galair liostaithe a tharchur chuig speicis shoghabhálacha. Is léir go bhfuil riosca suntasach ag baint le speicis veicteora den sórt sin maidir le leathadh galar liostaithe.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj.

([3]) Species which may act as vectors or reservoirs of diseases covered by the Animal Health Law: [Speicis a d'fhéadfadh gníomhú mar veicteoirí nó taiscí galar a chumhdaítear leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe]: Listed pathogens of fish. [Pataiginí liostaithe iasc]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21(8): 8174

([4]) Species which may act as vectors or reservoirs of diseases covered by the Animal Health Law: [Speicis a d'fhéadfadh gníomhú mar veicteoirí nó taiscí galar a chumhdaítear leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe]: Listed pathogens of molluscs *EFSA Journal* 2023; [Pataiginí liostaithe moileasc Iris EFSA 2023]; 21(8): 8173

([5]) Species which may act as vectors or reservoirs of diseases covered by the Animal Health Law: [Speicis a d'fhéadfadh gníomhú mar veicteoirí nó taiscí galar a chumhdaítear leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe]: Listed pathogens of crustaceans *EFSA Journal* 2023; [Pataiginí liostaithe crústach Iris EFSA 2023]; 21(8): 8172

(4) A mhéid is féidir le húdaráis inniúla na mBallstát an riosca a bhaineann leis na speicis veicteora a sainaithníodh i dTuairimí Eolaíocha EFSA a bhainistiú, ba cheart na speicis veicteora sin a liostú sa cheathrú colún den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Ina theannta sin, na speicis veicteora a liostaítear faoi láthair sa cholún sin, agus nár shainaithin EFSA mar speicis a léiríonn an cumas oibreán cúiseach galair liostaithe ainmhithe uisceacha a tharchur chuig speicis shoghabhálacha, ba cheart na speicis veicteora sin a scriosadh ón gcolún sin. Dá bhrí sin, liosta na speiceas veicteora maidir leis na galair uisceacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, ba cheart é a leasú dá réir.

(5) Thairis sin, rinne an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) athbhreithniú le déanaí ar na speicis uisceacha atá soghabhálach i leith ionfhabhtú le *Marteilia refringens*. Leagtar amach liosta athbhreithnithe speiceas atá soghabhálach i leith an ghalair sin in Airteagal 11.4.2. den Chód Sláinte um Ainmhithe Uiscí ([6]). Ós rud é go liostaítear an galar sin faoi láthair sa tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an Tuarascáil ó ghrúpa *ad hoc* WOAH maidir le speicis ata soghabhálach i leith ionfhabhtú le galair liostaithe WOAH ([7]), rud ba chúis leis an liosta athbhreithnithe speiceas a leagtar amach sa Chód Sláinte um Ainmhithe Uiscí.

(6) Tar éis an athbhreithnithe sin a rinne an Coimisiún, is iomchuí liosta na speiceas agus na ngrúpaí speiceas a leasú, liosta a leagtar amach sa tríú colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a bhaineann le hionfhabhtú le *Marteilia refringens*. Leis an leasú seo, cuirtear an t-eolas eolaíoch is déanaí san áireamh agus féachtar leis leibhéal iomchuí cóineasaithe le caighdeáin WOAH a bhaint amach, agus cinntí bainistithe riosca a rinneadh roimhe seo maidir le dhá speiceas diúilicíní, is iad sin *Mytilus edulis* agus *Mytilus galloprovincialis*, á gcur san áireamh i gcónaí.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an liosta sin liosta na speiceas soghabhálach a leagtar amach in Airteagal 11.4.2. de Chód Sláinte Ainmhithe Uiscí WOAH a léiriú, cé is moite de na speicis *Mytilus edulis* agus *Mytilus galloprovincialis*.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) 2023 OIE — *Aquatic Animal Health Code, 25th edition* [An Cód Sláinte um Ainmhithe Uiscí, an 25ú heagrán].
([7]) https://www.woah.org/app/uploads/2022/10/a-ahg-susceptibility-mollusc-marteilia-refringens-nov-dec-2021-may-june-2022.pdf

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, sa tábla, i rónna 51 go 63 a bhaineann le galair liostaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad chatagóirí na ngalar liostaithe agus na speiceas liostaithe d'ainmhithe uisceacha:

Ainm an ghalair liostaithe	Catagóir an ghalair liostaithe	Speicis liostaithe	
		Speicis agus grúpaí speiceas	Speicis veicteora
'Neacróis fhuilghinte eipeasótach	A+D+E	*Ameiurus melas, Bidyanus bidyanus, Esox lucius, Galaxias olidus, Gambusia affinis, Gambusia holbrooki, Macquaria australasica, Melanotaenia fluviatilis, Oncorhynchus mykiss, Perca fluviatilis, Sander lucioperca*	
Seipticéime fuilreatha víreasach	C+D+E	*Alosa immaculata, Ameiurus nebulosus, Ambloplites rupestris, Ammodytes hexapterus, Aplodinotus grunniens, Centrolabrus exoletus, Clupea harengus, Clupea pallasii pallasii, Coregonus artedii, Coregonus clupeaformis, Coregonus lavaretus, Ctenolabrus rupestris, Cyclopterus lumpus, Cymatogaster aggregata, Dorosoma cepedianum, Danio rerio, Engraulis encrasicolus, Esox lucius, Esox masquinongy, Fundulus heteroclitus, Gadus macrocephalus, Gadus morhua, Gaidropsarus vulgaris,Gasterosteus aculeatus, Labrus bergylta, Labrus mixtus, Lampetra fluviatilis, Lepomis gibbosus, Lepomis macrochirus, Limanda limanda, Merlangius merlangus, Micropterus dolomieu, Micropterus salmoides, Micromesistius poutassou, Morone americana, Morone chrysops, Morone saxatilis, Mullus barbatus, Neogobius melanostomus, Notropis atherinoides, Notropis hudsonius, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus mykiss x Oncorhynchus kisutch* hybrids*, Oncorhynchus tshawytscha, Paralichthys olivaceus, Perca flavescens, Pimephales notatus, Pimephales promelas, Platichthys flesus, Pleuronectes platessa, Pomatoschistus minutus, Pomoxis nigromaculatus, Raja clavata, Salmo marmoratus, Salmo salar, Salmo trutta, Salvelinus namaycush, Sander vitreus, Sardina pilchardus, Sardinops sagax, Scomber japonicus, Scophthalmus maximus, Solea senegalensis, Sprattus sprattus, Symphodus melops, Thaleichthys pacificus, Trachurus mediterraneus, Trisopterus esmarkii, Thymallus thymallus, Uranoscopus scaber*	
Neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch	C+D+E	*Esox lucius, Onchorynchus clarkii, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus tshawytscha, Salmo marmoratus, Salvelinus namaycush, Salmo salar, Salmo trutta, Salvelinus alpinus, Salvelinus fontinalis*	

Ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán HPR-scriosta	C+D+E	*Oncorynchus mykiss, Salmo salar, Salmo trutta*	
Galar víreasach heirpéis koi	E	Gach cineál agus gach fospeiceas de hibridí *Cyprinus carpio*, agus *Cyprinus carpio* e.g., *Cyprinus carpio* × *Carassius auratus, Cyprinus carpio* × *Carassius carassius*	*Carassius auratus, Carassius gibelio, Ctenopharyngodon idella, Gymnocephalus cernua, Hypophthalmichthys molitrix, Rutilus rutilus, Tinca tinca*
Ionfhabhtú le *Mikrocytos mackini*	A+D+E	*Crassostrea gigas, Crassostrea sikamea, Ostrea edulis*	*Crassostrea virginica*
Ionfhabhtú le *Perkinsus marinus*	A+D+E	*Crassostrea gigas, Crassostrea virginica*	
Ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*	C+D+E	*Crassostrea ariakensis, Crassostrea virginica, Ostrea puelchana, Ostrea angasi, Ostrea chilensis, Ostrea equestris, Ostrea edulis, Ostrea lurida*	
Ionfhabhtú le *Bonamia ostreae*	C+D+E	*Crassostrea ariakensis, Ostrea chilensis, Ostrea edulis*	
Ionfhabhtú le *Marteilia refringens*	C+D+E	*Chamelea gallina, Ostrea edulis, Ostrea stentina, Solen marginatus, Xenostrobus securis*	
Ionfhabhtú le víreas shiondróm Taura	A+D+E	*Metapenaeus ensis, Penaeus aztecus, Penaeus monodon, Penaeus setiferus, Penaeus stylirostris, Penaeus vannamei*	*Episesarma mederi, Macrobrachium lanchesteri'*
Ionfhabhtú le víreas ceannbhuí	A+D+E	*Metapenaeus affinis, Penaeus monodon, Palaemonetes pugio, Penaeus stylirostris, Penaeus vannamei*	
Ionfhabhtú le víreas an tsiondróim spotaí bána	C+D+E	Crústaigh deiceapód (an t-ord Decapoda)	